| Postas Íoctha | Baile Átha Cliath |
|---|---|
| L | CEADÚNAS 1925 |

# AN REIFREANN UM SHAORÁNACHT ÉIREANN

Sa Leabhrán seo faightear Faisnéis Thábhachtach do Vótálaithe

An Coimisiún Reifrinn

# THE REFERENDUM ON IRISH CITIZENSHIP

This Booklet Contains Important Information for Voters

Referendum Commission

Ar an 11 Meitheamh 2004 tionólfar reifreann chun an Bunreacht a leasú. Ar an dáta céanna, tionólfar toghcháin áitiúla agus toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Sa reifreann bunreachtúil, iarrfar ort TÁ nó NÍL a vótáil i gcás togra chun an Bunreacht a leasú i ndáil le ceart bunreachtúil daoine a shaolaítear in oileán na hÉireann chun saoránacht Éireann.

Tá an leabhrán seo, atá á fhoilsiú ag an gCoimisiún Reifrinn, saincheaptha chun cabhrú leat do bhreith a thabhairt trí fhaisnéis a thabhairt duit i dtaobh thogra an reifrinn. Ní thugann sé achoimre ar na hargóintí i bhfabhar agus i gcoinne glacadh le togra an reifrinn. Níl sé mar ról ag an gCoimisiún Reifrinn achoimre a thabhairt ar na hargóintí sin. Ní mór duit na díospóireachtaí poiblí a bhíonn ann a leanúint d'fhonn na hargóintí a thuiscint agus ina dhiaidh sin cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi le do vóta a chaitheamh.

An Coimisiún Reifrinn

# CÉ ATÁ I DTEIDEAL BHEITH INA S(H)AORÁNACH D'ÉIRINN?

Tá na rialacha faoi theidilíocht do shaoránacht le fáil i mBunreacht na hÉireann agus i reachtaíocht atá rite ag an Oireachtas (an Dáil, an Seanad agus an tUachtarán). Mar sin, tá ceart bunreachtúil ag roinnt daoine chun bheith ina saoránaigh d'Éirinn fad atá ceart ag daoine eile chun bheith ina saoránaigh mar thoradh ar reachtaíocht. Ní féidir an ceart bunreachtúil chun saoránachta a athrú ach má thoilíonn an pobal é sin a dhéanamh i reifreann. Ar an taobh eile, féadfaidh an tOireachtas reachtaíocht a athrú ag reachtaíocht eile de réir mar, agus nuair, a bheartaíonn an tOireachtas é sin a dhéanamh.

# CEART BUNREACHTÚIL CHUN SAORÁNACHTA

Faoi láthair, leagtar amach sa Bhunreacht dhá ghrúpa a bhfuil ceart bunreachtúil acu chun bheith ina saoránaigh d'Éirinn. Is iad sin

- daoine ba shaoránaigh de Shaorstát Éireann nuair a tháinig Bunreacht na hÉireann i bhfeidhm i 1937, agus
- daoine a shaolaítear in oileán na hÉireann.

Sa Bunreacht i 1937 rinneadh socrú i dtaobh cheart bunreachtúil saoránachta do gach duine ba shaoránach de Shaorstát Éireann ag an tráth a tháinig sé i bhfeidhm. (Iarmhairt eile de thabhairt isteach Bhunreacht 1937 ba ea gurb é Éire ainm na tíre in ionad Saorstát Éireann). Rinneadh socrú faoin mBunreacht freisin go ndéanfaí, taobh amuigh de cheart sonrach na ndaoine sin a raibh saoránacht acu cheana féin, an ceart chun saoránachta a leagan amach i reachtaíocht.

Tá ceart bunreachtúil gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann chun bheith ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn le fáil in Airteagal 2 den Bhunreacht.Tháinig an t-airteagal sin chun bheith mar chuid den Bhunreacht i 1998 agus tháinig sé i bhfeidhm i 1999. Comhaontaíodh foclaíocht Airteagal 2 mar chuid de Chomhaontú Bhéal Feirste (ar a dtugtar Comhaontú Aoine an Chéasta freisin). Chiallaigh sé sin nach raibh an chumhacht ag an Oireachtas a thuilleadh breith a thabhairt an bhféadfaí saoránacht a shiarchoinneáil ó aon duine a shaolaítear in oileán na hÉireann – níorbh fhéidir leis an Oireachtas an ceart bunreachtúil sin a athrú.

**Má** ritear an reifreann tabharfar don Oireachtas an chumhacht chun na himthosca agus coinníollacha a chinneadh faoina mbeidh daoine, a shaolaítear in oileán na hÉireann nach bhfuil tuismitheoir Éireannach acu, i dteideal bheith ina saoránaigh Éireannacha.

## REACHTAÍOCHT UM SHAORÁNACHT

Faoin dlí láithreach féadfaidh tú bheith i do shaoránach d'Éirinn

- má saolaíodh in oileán na hÉireann thú (saoránacht ó bhreith)
- mura saolaíodh in oileán na hÉireann thú ach gur leanbh de shaoránach Éireannach nó de dhuine atá nó a bhí i dteideal bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach (saoránacht ó ghinealach)
- má phós tú saoránach Éireannach agus má chomhlíonann tú ceanglais eile sa reachtaíocht chun teacht chun bheith i do shaoránach trí phósadh nó eadóirsiú (pósadh le saoránach Éireannach)
- más saoránach ar eadóirsiú thú – ciallaíonn sé sin go bhfuil roghnaithe agat teacht chun bheith i do shaoránach Éireannach, go bhfuil na ceanglais dhlíthiúla comhlíonta agat chun déanamh amhlaidh agus go bhfuil saoránacht tugtha duit (saoránacht ar eadóirsiú).

Faoin dlí láithreach foráiltear go bhfuil gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann i dteideal bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach. Go dtí 1999, áfach, níor cheart bunreachtúil é sin ach ba cheart é a ndearnadh socrú ina chomhair sa reachtaíocht amháin.

An Coimisiún Reifrinn

# TOGRA AN REIFRINN

Ar an 11 Meitheamh 2004, táthar a iarraidh ort vótáil ar thogra chun na rialacha a athrú maidir le teidlíocht bhunreachtúil chun saoránachta ó bhreith. Ní dhéantar difear d'aon cheart eile chun saoránachta ag an togra seo. Ní dhéanfaidh an togra seo, má ritheann an pobal é, difear ach do dhaoine a shaolaítear tar éis go dtagann an leasú bunreachtúil i bhfeidhm.

Má vótálann tromlach TÁ don togra seo, athrófar an Bunreacht. Ciallóidh an t-athrú sin an méid seo a leanas:

- Ní bheidh ceart bunreachtúil ag daoine a shaolaítear in oileán na hÉireann tar éis go dtagann an t-athrú i bhfeidhm chun bheith ina saoránaigh Éireannacha, mura bhfuil, ag tráth a mbreithe, duine dá dtuismitheoirí ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach nó i dteideal bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach.

- Beidh an tOireachtas an uair sin in ann reachtaíocht a rith a rialaíonn an chaoi ina bhféadfaidh daoine eile a shaolaítear in Éirinn teacht chun bheith ina saoránaigh Éireannacha. Faoi láthair, foráiltear faoin reachtaíocht go bhfuil gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann i dteideal saoránachta. Má ritear an togra beidh an chumhacht ag an Oireachtas an reachtaíocht láithreach a athrú más mian leis déanamh amhlaidh ach ní fhéadfadh sé athrú a dhéanamh a dhéanfadh difear do cheart bunreachtúil saoránachta linbh de chuid tuismitheora Éireannaigh i gcás go saolaítear an leanbh sin in oileán na hÉireann.

Má vótálann tromlach NÍL don togra seo, ní athrófar an Bunreacht. Ciallóidh sé sin go mbeidh ceart bunreachtúil i gcónaí ag aon duine a shaolaítear in oileán na hÉireann chun bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach. Ní bheidh an tOireachtas in ann reachtaíocht a rith a chuirfidh srian ar an gceart sin.

Níltear a iarraidh ort ach vótáil ar an athrú beartaithe ar an mBunreacht. Cé go bhfuil reachtaíocht nua beartaithe ag an Rialtas chun saoránacht a rialú má ritear an reifreann níltear a iarraidh ort vótáil ar an tsaincheist sin. Níl an Rialtas ná an tOireachtas faoi cheangal na reachtaíochta beartaithe sin a d'fhéadfaí a athrú ar aon bhealach. Is féidir sonraí faoin reachtaíocht bheartaithe, an dréacht-Bhille Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann (Leasú), 2004, a fháil ar an láithreán gréasáin **www.justice.ie**

# AN BUNREACHT LÁITHREACH AGUS AN T-ATHRÚ BEARTAITHE

I mBunreacht na hÉireann faoi láthair faightear na forálacha seo a leanas chun déileáil le saoránacht:

## Airteagal 2

Tá gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, i dteideal, agus tá de cheart oidhreachta aige nó aici, a bheith páirteach i náisiún na hÉireann. Tá an teideal sin freisin ag na daoine go léir atá cáilithe ar shlí eile de réir dlí chun bheith ina saoránaigh d'Éirinn. Ina theannta sin, is mór ag náisiún na hÉireann a choibhneas speisialta le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann.

## Airteagal 9

1. 1° Ar theacht i ngníomh don Bhunreacht seo is saoránach d'Éirinn aon duine ba shaoránach de Shaorstát Éireann díreach roimh theacht i ngníomh don Bhunreacht seo.

   2° Is de réir dlí a chinnfear fáil agus cailleadh náisiúntacht agus saoránacht Éireann feasta.

   3° Ní cead náisiúntacht agus saoránacht Éireann a cheilt ar dhuine ar bith toisc gur fireann nó toisc gur baineann an duine sin.

2. Is bundualgas polaitiúil ar gach saoránach bheith dílis don náisiún agus tairiseach don Stát.

An Coimisiún Reifrinn

# AN TOGRA SA REIFREANN

Táthar á iarraidh ort vótáil ar an gceist ar ceart an fhoclaíocht nua seo a leanas a chur in Airteagal 9 den Bhunreacht:

2. 1° D'ainneoin aon fhorála eile den Bhunreacht seo, maidir le duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, agus nach bhfuil aige nó aici, an tráth a shaolaítear an duine sin, tuismitheoir amháin ar a laghad is saoránach d'Éirinn nó atá i dteideal a bheith ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn, níl teideal ag an duine sin chun saoránacht nó náisiúntacht Éireann, mura ndéanfar socrú ina chomhair sin le dlí.

   2° Ní bhainfidh an t-alt seo le daoine a saolaíodh roimh dháta achtaithe an ailt seo.

# REACHTAÍOCHT REATHA UM SHAORÁNACHT

Is é Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, an príomhphíosa reachtaíochta. Tá sé arna leasú ag

- Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1986,
- Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1994, agus
- Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2001.

# AN COIMISIÚN REIFRINN

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún Reifrinn, a bunaíodh ag Acht an Reifrinn, 1998, mar atá leasaithe. Is é an Breitheamh Nicholas Kearns Uasal, Breitheamh den Ard-Chúirt, Cathaoirleach an Choimisiúin láithrigh agus is iad na comhaltaí eile ann Cléireach na Dála, Cléireach an tSeanaid, an tOmbudsman agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Coimisiún Reifrinn neamhspleách ina ghníomhartha, tá a bhuiséad féin aige agus tacaítear leis ag rúnaíocht ó Oifig an Ombudsman.

# TUILLEADH FAISNÉISE

Tá faisnéis níos mine á cur ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Reifrinn ag **www.refcom.ie**.

Tá rochtain ar an Idirlíon le fáil saor in aisce i leabharlanna poiblí.

Tá an reachtaíocht reatha um shaoránacht le fáil ag **www.irishstatutebook.ie**.

Tá athlua den reachtaíocht saoránachta le fáil ag **www.justice.ie**.

Ciallaíonn athlua go bhfuil an reachtaíocht mar atá leasaithe athluaite leis na leasuithe curtha san áireamh.

# ARNA FHOILSIÚ AG

An Coimisiún Reifrinn,
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Láithreán gréasáin: **www.refcom.ie**

Tá an foilseachán seo á chur ar fáil, trí Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, i mBraille agus ar chlostéip do dhaoine faoi mhíchumas amhairc.

Mura seachadtar seo, cuirtear ar ais chuig:
Bosca PO 5461, Baile Átha Cliath 2.

# PUBLISHED BY

The Referendum Commission,
18 Lower Leeson Street, Dublin 2.

Website: **www.refcom.ie**

This publication is being made available, through the National Council for the Blind, in Braille and on audio tape for people with a sight disability.

If undelivered please return to: PO Box 5461, Dublin 2.